

TAOBH ISTIGH:

Seó Tallainne 2
na Scoile
“Réalta”

Comórtas 2
Fiontraíochta

Gaeilge sa Scoil 2

Torthaí Lá 3
Spóirt

Imeachtaí Eile 3
Spóirt

Turais Scoile 4

Bronnadh na 4
nduaiseanna

PÉ SCÉAL

I mbliana forbraíodh tionscadal idir na scoláirí i gColáiste Chróí Mhuire agus i gColáiste Cholmille mar chuid d'Éigse an Spidéil. Le tacaíocht ó Dhéirdre Nic Chonaonaigh ón nGaelacadamh, ón mbeirt comhordaitheoir, Hilary Vesey agus Bríd Ní Bhriain agus ag obair leis an ealaíontóir Dara Mac Aoidh, foilsíodh ‘Pé Scéal’. Is nuachtán eolais faoin gceantar é ‘Pé Scéal’ agus tá sé ina shaothar cruthaitheach nua álainn atá ar ardchaighdeán. Tá moladh mór ag dul do na micléinn as ucht an éacht a rinneadar ag cur an nuachtáin le chéile.

Coláiste Chróí Mhuire

SAMHRADH, 2015

EAGRÁIN I I

Focal ón bPríomhoide

Cuirim fáilte ó Chroí leis an eagrán is déanaí de nuachtlitr ghleoite na scoile agus glacaim buíochas arís le Neasa Uí Choileáin a chuireann nuachtlitreacha na scoile le chéile, chomh maith le suíomh idirlín na scoile a choinneál suas chun dáta.

Táimid tagtha chuig deireadh scoilbhliain eile agus ní mór buíochas mór a ghlacadh le pobal uile na scoile as ucht na hoibre ar fad a rinneadh ar son na scoile i mbliana. Tá ard mholadh ag dul go scoláirí na scoile as ucht a gcuid co-oibriú, dearcaidh dearfaí agus spiorad i gcaitheamh na bliana. Is mór ag an scoil an tacaíocht a thugann tuismitheoirí don scoil, agus caithfear buíochas faoi leith a ghlacadh le Coiste na dTuismitheoirí a bhí an-ghníomhach ar son na scoile. Glacaim buíochas ó chroí le foireann na scoile as ucht a cuid oibre laistigh agus lasmuigh den seomra ranga, nár laga Dia sibh.

Tá súil agam go spreagfaidh an nuachtlitr sibh le dul chomh fada leis an ngréasán scoile www.ccm.ie.

B'fhiú go mór breathnú ar an ngailearaí le blas a fháil de na himeachtaí éagsúla a bhíonn mar chuid de shaol na scoile. Feicfidh sibh



Táimid thar a bheith buíoch do Cambus Medical, An Spidéal a thug urraíocht do Chomhairle na Mac léinn chun seilte geansaithe peile a cheannach

Sa bpictiúr tá: John Farragher (Cambus Medical) Dara Mac Dubhghaill (Comhairle na Mac léinn) agus Barry Comerford (Cambus Medical)



Comhghairdeas le Tessa Croke as an dara bliain agus lena múinteoir Iníon Ní Thiarnáin as ucht an duais ar bronnadh ar Tessa agus ar an scoil ag comhdhail CEIST i mBaile Átha Cliath ar an gCéadaoin 24ú Márta.

Bhí CEIST ag lorg smaointe óna cuid 110 scoileanna maidir le dearadh do dhuais ar mhaith leo bronnadh ar scoileanna ar fad CEIST le bheith in úsáid ag ócaidí bhronnadh dhuaiseanna ag deireadh na scoilbhliana i ngach scoil.

Roghnaigh an dealbhóir Mary Ryan agus coiste ó CEIST an dearadh a chuir Tessa isteach. Mhol said an dearadh é féin agus an smaoineamh a bhí taobh thiar de: crann laistigh de dhuilleóg a bhí ann agus a sheasann don fhas agus don fhorbairt pearsanta a thagann ar scoláirí le linn dóibh a bheith ar scoil.

Bhronn an Taoiseach Enda Kenny an dealbh é féin agus iPad air ar Tessa agus bhí an Leasphríomhoide agus roinnt de chomhscoláirí Tessa abhí ag glacadh pairt sa chomhdhail ar cheannaireacht i láthair ag an am.

na scoláirí ag ithe ag na BBQ-anna, ag taistil ó Acaill go Barcelona, ag díospóireacht, ag gléasadh go gleoite agus ag déanamh ceoil agus spóirt. Táimid ag fágáil slán le rang na hArdeiste agus guíonn muid gach rath orthú don todhchaí. Le cúnamh Dé tabharfaidh siad cuairt orainn arís i gceann cúpla bliain mar a rinne Peadar Óg Ó Griofa, Indreabhán, ar lá bhronnadh na nduaiseanna, nó fiú tar eis cúpla scór de bhlianta, mar a rinne Eoghan Ó Neachtain, Baile an Sagairt, agus é ag caint go hionspioráideach le rang na hArdeiste. Go n-éirí go geal libh a rang na hArdeiste 2015 sna scrúduithe stáite agus i bhur saolta.

Triona Uí Mhurchú

Príomhoide

Tuileadh pictiúr ó bhronnadh na nduaiseanna &rl le feiceáil ar www.ccm.ie

“Réalta” Seó Tallainne na Scoile

Ag ceolchoirm bliantiúil de chuid Coláiste Chroí Mhuire i Seanscoil Sailearna, bhí an iliomad éagsúlacht tallainne le féiceáil ar an stáitse ó dhamhsa bailé go damhsa ‘hip-hop’, ó cheol traidisiúnta go ceol claisiceach go pop-cheol. Bhí daltaí ón gcéad bhliain go dtí bliain na hArdteiste rannpháirteach sa seó agus bhí an amharclann lán go doras le cairde na scoile, idir tuismitheoirí, gaolta, daltaí agus muintir an phobail. Bhí an seó ‘Réalta’ curtha ar an ardán ag an mbeirt mhúinteoir Hilary Vesey agus Bróna Ní Uallacháin. Is iad Hilary agus Bróna a eagraíonn agus a stiúirann na scoláirí gach bliain, ach tá moladh mór tuillte ag na daoine óga a chuir seó láidir, taitneamhach agus gaelach ar an stáitse ar an oíche. **Níos mó pictiúir sa ghailearáí.**



Comórtas Fiontraíochta Comhar Creidmheasa Cholm Cille

Comhghairdeas le rang na hIdirbhliana agus lena múinteoir Mairéad Uí Dhiollúin a bhuaigh an chéad duais sa chomórtas Fiontraíochta Comhar Creidmheasa Cholm Cille a reachtáladh san Ionad Tacaíocht Teaghlaigh i Mí Aibreáin.. Is éard a bhí sa togra ná gloiní lámh-mhaisithe i gcomhar na Nollag. Lá le Vailintín nó aon ócáid cheiliúrtha eile. Bhunaigh an rang comhlacht ar bhaist said ‘Bíodh gloine a’t’ air, agus dhíoladar na gloiní i measc pobal uile na scoile. Sna tráthnónta roimh Nollaig ba ghnách an radharc é rang iomlán na hIdirbhliana a fheiceáil ag péinteáil gloiní agus á gcur san oigheann sa seomra Tís. Is iomaí trathnóna deireannach a chaitheadar agus iad ag déanamh a seacht ndícheall



Scoláirí na hIdirbhliana, Is iad na scoláirí buacacha ó chlér ná Camille Casbun Trahan, Iain Ó Nuanáin, Emer Nic Dhonnacha, Áine Ní Dhonnacha agus Marie Ní Fhlannacha. Ar chlér tá Bainisteoir Comhar Creidmheasa Cholm Cille, Ruairí Ó Néill agus ar fhiordheis na moltóirí Mairéad Uí Oistín, Pádraig Ó Cuinn, Údarás na Gaeltachta agus Cliodhna Ní Standún.

coinneál suas leis na horduithe a bhí ag teacht isteach agus is iomaí teach a raibh na gloiní pearsanta céanna ag maisiú boird Lá Nollag.

An Ghaeilge sa scoil..ní neart go cur le chéile

Don scoilbhliain 2015-2016 tá sé mar aidhm againn an Ghaeilge labhartha i measc na scoláirí a threisiú laistigh agus lasmuigh den seomra ranga. Tá súil againn tacaíocht a fhail ó phobal uile na scoile san fheachtas seo. Ba mhaith linn féin tacú le tuismitheoirí ar mhaith leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Beidh muid ag scríobh chugaibh le linn an tSamhraidh ag lorg bhuir gcuid tuairimí agus moltaí don togra tabhachtach seo.



Bhronn Peadar Óg Ó Griofa Corn an tSiúr Regina ar na cailíní as rang 1A i mbliana Tugtar an corn seo de bharr an méid oibre a rinne siad ó thaobh na gaeilge de sa scoil . Déanann siad an iarracht l gconáil an ghaeilge a labhairt.

Míle buíochas do na scoláirí ar fad a bhí páirteach in imeachtaí seachtain na gaeilge. Bailíodh €263 don eagraíocht “Madra”.

Torthaí Lá Spóirt agus Bronnadh Duaiseanna Spóirt

	Buachaillí ón gCéad bhliain	Cailíní ón gCéad bhliain	Buachaillí Sóisearacha	Cailíní Sóisearacha	Buachaillí Sinsearach	Cailíní Sinsearach
Poc Fada	Rhys Plower Cian Deane	Aoife Ní Dhonnacha Áine Ní Laoi	Oisín Ó Neachtain Gearóid Ó Conghaile	Aoife Nic Chormaic Liadh Robertson	Evan Ó Cadhain Aodhán Ó Comartáin	Áine Nic Dhonnacha Sorca Ní Fhrighíl
Ciceanna Píonóis	Conor Ó Gamhnáin Conor Breathnach	Aislinn Cox	2ú BÍ: Caoimhín Ó Sé Luca Casburn Trahan 2ú BÍ: Conor Breathnach Cathal Ó Gamhnáin		Evan Ó Cadhain Cuan Mac Dubhghaill	Mary Ní Fhéinne Grace Ní Bhriain
Rásaí - 100m	Cian Deane Kian MacAnnaidh	Aisling Ní Chonghaile LukaAnna NicLochlainn	Conal Ó Caoimh Jason Ó Ceallaigh	Romy Ní Chuinne- agáin Máire Ní Fhrighíl	Ian Kent Evan Ó Cadhain	Áine Nic Dhonnacha Sorca Ní Fhrighíl
Rásaí - 200m	Cian Deane Kian MacAnnaidh			Máire Ní Fhrighíl Elana NicFhlannacha	Evan Ó Cadhain Ian Kent	Áine Nic Dhonnacha Sorca Ní Fhrighíl
Rásaí - 400m	Cian Deane Kian MacAnnaidh	LukaAnna NicLochlainn Aoife NicDhonnacha		Tessa Ní Chrócaigh Liadh Robertson & Rachel NicOireach- taigh		
Rása Fóirne	Aoibhín Ní Dhomhnaill, Áine Ní Laoi Rhys Plower agus Cathal Ó Cearra		Romy Ní Chuinneagáin, Máire Ní Fhrighíl Cathal Ó Gamhnáin agus Oisín Ó Neachtain		Áine Nic Dhonnacha, Caoimhe Ní Fhlatharta, Ian Kent agus Cuan Mac Dubhghaill	
Tarraingt Téide	Darragh Cox, Siobhán Ní Neachtain, Aoife Nic Dhonnacha, LukaAnna NicLochlainn, Aislinn Cox, Conor Ó Gamhnáin, Max MacCárthaigh agus Kian MacAnnaidh		Rónan Ó Dioráin, Emma Cox, Conall Ó Caoimh, Rosie Ní Dhubhghail, Máire Ní Fhrighíl, Jason Ó Ceallaigh, Orlaith Ní Shé agus Gearóid Ó Conghaile		Áine Nic Dhonnach, Sorcha Ní Fhrighíl, Cliona Ní Fhlannaire, Laoise Breathnach, Dara MacDubhghail, Cuan MacDubhghaill, Evan Ó Cadhain & Eoghan Breathnach	

Laochra Spóirt na Scoile



IAN KENT

Laochra Spóirt na Scoile (Buachaillí) i mbliana. Tá Ian ar fhoireanna mionúr na Gaillimhe sa pheil i mbliana. Go n-éirí leis

Bhí sé go hálainn gur fhíll Peadar Óg Ó Gríofa (Cumann Mhícheál Breathnach agus foireann na Gaillimhe) ar a sheanscoil Coláiste Chroí Mhuire le labhairt leis na daltaí agus le duaiseanna a bhronnadh ar na daltaí a raibh duaiseanna aitheantas na scoile á fháil acu ag deireadh na scoilbhliana. Mhol sé na scoláirí agus spreag sé iad chun leanacht lena gcuid dea-oibre sa scoil. Bhí gliondar ar na daltaí agus ar na múinteoirí Peadar Óg a fheiceáil agus ghuigh said gach rath air agus ar fhoireann na Gaillimhe. Breis pictúir sa gheallarái



ÁINE NIC DHONNACHA

Laochra Spóirt na Scoile (Cailíní) i mbliana. Tá Áine ar fhoireann cispheil na hÉireann, go n-éirí léi agus í ag taistil le linn an tsamhraidh leis an bhfoireann seo.

Turais Scoile



I mbliana is go Barcelona a d'imigh muid ar thuras scoile na h-Idirbliana agus na Ceathrú Bliana. Is i Salou a bhí lóistín againn, ní ró fhada ó Port Aventura áit ar chaith muid lá taitneamheach. Chonaiceamar Camp Nou, Sagrada Família, bhí sodar againn ar an Rambla, chonaiceamar foirgnimh Gaudi agus Monserrat. I Monserrat chuamar suas an sliabh ar an gcarr cábla. Bhí turas thar cinn againn, le h-imeachtaí oíche caite thíos ar an trá ag imirt sacair go dtí deirneach san oíche. Mar is gnáth bhí iompar na ndaltaí thar barr. Ár mhuíochas do Hilary Vesey, Aine Uí Ghríofa, Neasa Uí Choileáin agus Maire Ní Chonchubhair a bhí in éineacht leo.

Thuas agus ar chlé: Grúpa ón chéad agus dara bliain a chuaigh ar thuras thar oíche go hAcla i Mí Bealtaine. Iníon Ní Chonchubhair agus Bean Uí Ghríofa a bhí leo. Bhain siad triail as go leor gníomhaíochtaí difrúla. D'fhan lucht na céadbliana san óstallainn agus champáil lucht na dara bliana. Bhain siad ar fad an-taitneamh as an turas



Bronnadh na nduaiseanna - 2015



Thuas: Bronnadh Corn Uí Churraoin ar Niall Cox i mbliana, in aitheantas dá chumas matamaitice. Sa phictiúr le Niall tá Bn Uí Ghríofa, an múinteoir a bhí aige don teastas

Daltaí na bliana

- An Chéad Bhliain: Aislinn Cox agus Liam Ó Mainín
- An Dara bliain: Tessa Ní Chrócaigh & Dylan Ó Flátharta
- An Triú Bliain: Caoimhe Ní Churraoin & Conal Ó Caoimh
- Idirbhliain: Charlie MacCárthaigh & Emer Nic Dhonnacha
- An Ceathrú Bliain: Sorchá Ní Fhrighíl & Aaron Ó hAinnín
- An Cuigiú Bliain: Caoimhe Ní Chonghaile & Dónal Ó Sé



SPIORAD NA SCOILE: CAOIMHE NÍ CHONGHAILE

I mbliana bronnadh an duais 'Spiorad na Scoile' ar Caoimhe Ní Chonghaile ón Ardteist. Leis an duais seo tá an Bord Bainistíochta ag tabhairt aitheantas do scoláire amháin a léirigh gur chomhlíon sé/sí éiteas na scoile ina c(h)uid oibre, dearcaidh agus rannpháirtíochta le linn dó/dí a bheith ar scoil. Molaimid Caoimhe a thuill an duais seo ó tháinig sí iseach sa chéad bhliain. agus guímid gach rath uirthi agus ar rang na hArdteiste san Ardteist agus ina diaidh.

DUAIS CEIST: CHLOE CROKE



I mbliana bronnadh 'Duais na bPátrún' CEIST ar Chloe Croke, macléinn san Ardteist. Bronnadh agus bronnfar an duais bliantúil seo ar an scoláire a léirigh gnéithe luachmhara CEIST agus é/i i mbun a c(h)uid oibre sa scoil. Chaith Chloe go cóir, go freagrach agus go measúil le gach duine ar chas sí air/uirthi le linn a cuid ama sa scoil, agus mheas foireann na scoile go raibh an t-aitheantas tuillte go maith aici. Guíonn an scoil gach rath ar Chloe san Ardteist agus don toadhcháil.

Coláiste Chroí Mhuire
Fón: 553113
Faics: 553412
Ríomhhost:
colaistechroimhuire@gmail.com